Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Feabhra 2024**
**(OR. en, pl)**

**6245/24**
**ADD 2**

**VETER 9**
**FOOD 19**
**DELACT 19**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023)8519 - ST 16974 + ADD1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE)... /... ÓN gCOIMISIÚN an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha sláinteachais maidir le feoil, táirgí iascaigh, táirgí déiríochta agus uibheacha áirithe - Gníomh Tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an ráiteas ón bPolainn maidir leis an méid thuas.

**IARSCRÍBHINN**

Tacaíonn an Pholainn le tromlach na bhforálacha a leagtar amach sa doiciméad, ach tá sí i gcoinne na n-athruithe a bhaineann le forfhuarú táirgí iascaigh (leasú ar Iarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004). Má dhéantar an leasú sin ar na rialacha, beidh iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha ann do phróiseálaithe éisc sa Pholainn, a úsáideann an próiseas teicneolaíoch maidir le héisc a dhéanamh 'righin', i.e forfhuarú táirgí iascach próiseáilte deataithe chun an t-iasc a ghearradh ina shlisní. Thíolaic an Pholainn staidéir lena ndearbhaítear go bhfuil an teicneolaíocht a úsáidtear slán, ach dhiúltaigh an Coimisiún na staidéir sin a chur faoi bhráid EFSA lena measúnú. Níor fhoráil an Coimisiún d'idirthréimhse ar bith chun go mbeidh na monarcha próiseála in ann oiriúnú do na rialacha nua, mar a d'iarr údaráis agus tionscal próiseála na Polainne. Dá bhrí sin, tá an Pholainn i gcoinne an Rialacháin.